2024/2621

8.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2621 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Deireadh Fómhair 2024

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse trí mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse trí mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([2]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

Gerassimos THOMAS

An tArd-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Meaisín, ar a dtugtar róbat freagartha oirbheartaíochta ina bhfuil an méid seo a leanas: — fonnadh atá suite ar rianta a bhfuil toisí tuairim is 1 500 × 1 200 × 1 300 mm aige, ina bhfuil dhá mhótar tiomána leictreach 7,5 kW le haghaidh tiomána, lena soláthraítear fórsa tarraingthe suas le 4 thona (soláthraítear an chumhacht leictreach le ceallra ian litiam), — córas ceamara ag a bhfuil ceithre cheamara threocha stataca, a bhfuil an cumas aige fotha beo íomhánna a tharchur chuig an úsáideoir, — sé spotsholas LED a bhfuil gach ceann acu ailínithe i dtreo na gluaiseachta, chomh maith le soilsiú comhthimpeallach LED, — gaireas chun uisce nó cúr a scaipeadh le haghaidh comhrac dóiteáin, ag a bhfuil toilleadh suas le 2 000 l/nóiméad ag 10 mbarra, atá comhoiriúnach go hiomlán lena nascadh le píobán trucaile comhraic dóiteáin, — unlas cábla le tacaíocht laidhre insínte le haghaidh cobhsaíochta agus ualaí móra á láimhseáil. Rialaítear an táirge trí chianrialú le raon suas le 150 m agus/nó ó fheithicil iompróra córais trí inlíon le raon suas le 2 500m (bunaithe ar WLAN). Féadfar an táirge a chur i láthair i gcumraíochtaí éagsúla ag brath ar an trealamh breise atá suite ar an bhfonnadh, ach sin a iarraidh. Féadfar a áireamh sa trealamh roghnach ceamaraí inghluaiste le haghaidh tarchur gnáthíomhánna agus íomhánna teirmeacha, spotsoilse LED breise, speictriméadar Raman chun substaintí guaiseacha a bhrath, lámh ionramhála cianrialaithe chun tascanna beachta a dhéanamh (e.g. sampláil), cúplóir leantóra, etc. Tá an táirge deartha le húsáid in oibríochtaí comhraicthe dóiteáin agus aisghabhála, rud a ligeann don phearsanra comhraicthe dóiteáin fanacht lasmuigh den chrios contúirte (dálaí maidir le taiscéalaíocht ábhar guaiseach, contúirt titime nó dianfhorbairt teasa), agus iad fós bainteach leis na hoibríochtaí agus á rialú go cianda ó achar sábháilte.	8424 89 70	Is le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, le Nóta 3 a ghabhann le Roinn XVI agus le foclaíocht na gcód AC 8424, 8424 89 agus 8424 89 70 a chinntear an t-aicmiú. Cé go bhfuil fórsa tarraingthe mór ag an táirge, eisiatar aicmiú faoi cheannteideal 8701, ós rud é nach feithicil í a tógadh go bunúsach chun feithicil, fearas nó ualach eile a tharraingt nó a bhrú. (Féach freisin Nóta 2 a ghabhann le Caibidil 87) Eisiatar aicmiú faoi cheannteideal 8705 freisin, ós rud é nach bhfuil saintréithe feithicle atá faoi cheannteideal 8705 ag an táirge, is é sin nach éard atá ann i ndáiríre fonnadh nó leoraí mótarfheithicle atá iomlán go bunúsach (trucail). Ní chuimsíonn sé, ar a laghad, na gnéithe meicniúla seo a leanas: inneall tiomána, giarbhosca agus rialtáin chun giaranna a athrú, agus saoráidí stiúrtha agus coscánaithe. (Féach freisin Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 8705) Is meaisín ilchodach é an táirge de réir bhrí Nóta 3 a ghabhann le Roinn XVI agus tá sé le haicmiú amhail is nach bhfuil ann ach an chomhpháirt sin nó amhail is gurb é an meaisín sin é a bhfuil an phríomhfheidhm aige. Mar gheall ar shaintréithe oibiachtúla na feiste scaipthe, go príomha toirt, brú agus fad teilgthe an uisce nó an chúir, meastar gurb í an fheidhm scaipthe príomhfheidhm an mheaisín. Dá bhrí sin, tá an táirge le haicmiú de réir na feiste scaipthe. Is éard is cúis leis an gcóras ceamara agus leis na spotshoilse LED an meaisín a rialú agus a threorú go cianda, ach ní dhéantar an oibríocht unlais chun ualaí a aistriú ach amháin trí idirghabháil an duine trí bhíthin an unlais cábla agus, go roghnach, trí bhíthin an chúplóra leantóra. Na feidhmeanna a bhaineann le réimsí contúirteacha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, substaintí guaiseacha a bhrath agus tascanna beachta a dhéanamh, tá siad comhlántach agus tánaisteach don fheidhm a bhaineann le huisce nó cúr a scaipeadh, ós rud é go ndéantar leis an trealamh roghnach iad. Dá bhrí sin, tá an táirge le haicmiú faoi chód AC 8424 89 70, mar fhearas eile chun sreabháin a scaipeadh.